2025/1498

21.7.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1498 ÓN gCOMHAIRLE

an 18 Iúil 2025

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES [1] lenar bunaíodh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA). An 16 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/3186 [2], lenar leasaíodh Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES agus lenar cuireadh síneadh le EUNAVFOR ATALANTA go dtí an 28 Feabhra 2027.

(2) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583 [3], lenar bunaíodh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(3) An 14 Feabhra 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/334 [4], lenar cuireadh síneadh le EUNAVFOR ASPIDES go dtí an 28 Feabhra 2026 agus lenar leathnaíodh a shainordú chun cúram breise a áireamh chun feasacht staide muirí sa Limistéar Oibríochta a áirithiú trí fhaisnéis a bhailiú, sa bhreis ar na sonraí is gá chun soithí a chosaint, maidir le gáinneáil ar airm agus le scáthchabhlaigh, d'fhonn an fhaisnéis sin a chomhroinnt leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le hOifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht, le hEagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí agus leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí.

(4) An 24 Meitheamh 2025, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart sainordú EUNAVFOR ATALANTA a ailíniú le sainordú EUNAVFOR ASPIDES a mhéid a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar scáthchabhlaigh.

(5) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'7. Chun feasacht staide muirí sa Limistéar Oibríochta a áirithiú, baileoidh EUNAVFOR ASPIDES faisnéis, sa bhreis ar na sonraí is gá chun a chuid cúraimí eile a chur chun feidhme, maidir le gáinneáil ar airm agus le scáthchabhlaigh, d'fhonn an fhaisnéis sin a roinnt leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún, le hOifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC), le hEagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (INTERPOL), le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (EUROPOL) agus leis an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO), de réir mar is iomchuí.'.

[1] Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) (IO L 301, 12.11.2008, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/851/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2024/3186 ón gComhairle an 16 Nollaig 2024 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) (IO L, 2024/3186, 17.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3186/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj).

[4] Cinneadh (CBES) 2025/334 ón gComhairle an 14 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/583 maidir le hoibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) (IO L, 2025/334, 17.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/334/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BJERRE